

# Dréachtphlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht

2025-2030


Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE
LIMERICK
EUROPEAN EMBRACE

# FÓRAM BITHÉAGSÚLACHTA LUIMNIGH





# RÉAMHRÁ

## Méara Luimnigh, John Moran



Tá lúcháir orm Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Luimnigh 2025-2030 a thabhairt isteach. Tógann an plean seo ar an mbunsraith atá leagtha amach sa Chlár Méara “More for Limerick”, ina leagtar béim ar thábhacht na bithéagsúlachta chun pobail inbhuanaithe agus bríomhara a chruthú. Samhlaítear ann go mbeadh Luimneach ina áit ina bhfuil bithéagsúlacht faoi bhláth agus ina n-oibríonn gach earnáil, páirtí leasmhar agus saoránach chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint maidir lena luach intreach féin agus a chumas ár riachtanais a chomhlíonadh agus ár saol agus saol na nglún atá le teacht a shaibhriú.

D’fhéadfadh go mbeadh sé deacair aghaidh a thabhairt ar na bagairtí atá roimh ár ndomhan nádúrtha agus ar leas an duine mar gheall ar chaillteanas bithéagsúlachta agus cliseadh aeráide. É sin ráite, táim muiníneach go bhfuil an dúlra in ann freagairt nuair a ghníomhaímid agus go bhfreagróidh sé. Trí ghealltanais a thabhairt do ghníomhaíochtaí dearfacha don bhithéagsúlacht, tugaimid an dóchas is fearr d’oidhreacht nádúrtha Luimnigh.

Is léir dom go bhfuil sé in am an dúlra a chosaint. Is é an cúram atá orainn sa rialtas áitiúil é seo a threorú, a thacú agus a chumasú. Le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, daoine aonair, grúpaí pobail, gnólachtaí, agus daoine eile a bhfuil sé mar aidhm acu an dúlra a chosaint, níl aon teorainn leis an méid is féidir a bhaint amach. Tá sé in am againn anois an t-idirspleáchas idir plandaí, ainmhithe, agus miocrorgánaigh atá riachtanach d’éiceachórais shláintiúla a aithint, agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chuidíonn le hathrú aeráide a mhaolú.

Leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Luimnigh agus leis an bhFóram Bithéagsúlachta, cuirtear an struchtúr chun é seo a thabhairt chun críche. Táim ag tnúth le cur chun feidhme an phlean, rud a thabharfaidh buntáistí suntasacha dár n-acmhainní bithéagsúlachta agus do mhuintir Luimnigh.

## An tArd-Stiúrthóir, an Dr. Pat Daly



Tá oidhreacht nádúrtha shaibhir agus éagsúil ag ceantair thuaithe agus uirbeacha Luimnigh. Is é an dúshlán atá romhainn do Luimneach forbairt agus fás ar shlí a chothaíonn agus a fheabhsaíonn an bhithéagsúlacht do na glúnta atá le teacht. Beidh ról tábhachtach ag Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Luimnigh inár n-iarrachtaí chun bithéagsúlacht a chosaint.

Míle buíochas le gach duine a ghlac páirt i bpróiseas dréachtaithe Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Luimnigh 2025-2030. Bhí Clár Náisiúnta Oifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta agus an 4ú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ríthábhachtach maidir leis an bplean seo a thabhairt chun críche.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do thiomantas iontach na ndaoine sin ó eagraíochtaí oideachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, na hearnálacha poiblí agus carthanachta a bhfuil baint acu le ‘Fóram Bithéagsúlachta Luimnigh’, a thacaigh le dréachtú an phlean seo.

Go raibh maith agaibh go léir as bhur dtacaíocht leis an bpróiseas. Tá moladh ag dul freisin do gach duine a ghlac an t-am le barúil a thabhairt agus le haighneachtaí a dhéanamh ar an bplépháipéar tosaigh, arbh é an chéad chéim é i ndréachtú Phlean Bithéagsúlachta Luimnigh. Is sampla iontach é seo de chomhoibriú trasearnála.

Leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Luimnigh, tugtar deis iontach don Chomhairle cosaint na bithéagsúlachta a chomhtháthú i bpróiseas pleanála chun cinn agus in oibríochtaí laethúla na Comhairle. Tá súil agam go spreagfaidh sé seo daoine eile é sin a dhéanamh freisin. Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár Méara John Moran, le hionadaithe tofa Luimnigh, le mo chomhghleacaithe sa chomhairle agus leis an bhfoireann, agus le gach duine ar fud Luimnigh chun a chinntiú go gcuirfear an plean seo chun feidhme.

# CONAS A D'FHORBRAÍOMAR AN DRÉACHT-PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LUIMNIGH UM BITHÉAGSÚLACHT (PGLB)

Cuireadh tús le forbairt PGB Luimnigh i mí Feabhra 2024 nuair a earcaíodh Oifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle le tacaíocht ó Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta. Is iad seo a leanas na príomhchéimeanna le dréachtú an PGB

## Ráithe 2, 2024

**Fóram Bithéagsúlachta Áitiúil a fhorbairt**

- Liosta d'eagraíocht chomhaltaí an fhóraim Aguisín 1
- Téarmaí Tagartha a dhréachtadh
- Achoimre den dréacht-phléphháipéar a phlé
- Foghrúpa Comhairleach a chur ar bun chun tacú le dréachtú an PGLB - liosta Aguisín 2

**Pléphháipéar PGLB a dhréachtú**

- Comhairliúchán Poiblí
- An plean a chur i láthair an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhaíocht Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol
- An plean a chur i láthair ag Cruinnithe Dúiche an LCCC - An Cheapach Mhór/Cill Mocheallóg, Áth Dara/Ráth Caola, An Caisleán Nua agus Ceantar Uirbeach Thuaidh, Thoir agus Láir
- Cuireadh a thabhairt d'aighneachtaí ar líne
- Cur i láthair agus seisiún eolais aghaidh ar aghaidh
- Feachtas ríomhphost
- Na Meáin Shóisialta

## Ráithe 3, 2024

- **Aighneachtaí don phléphháipéar a mheas agus iad a chur i láthair Fhóram Bithéagsúlachta Luimnigh**
- **Dréachtú an dréacht-PGLB go hinmheánach**
- **An dréacht-PGLB a scaipeadh ar an bhFoghrúpa Comhairleach**
- **Dhá chruinniú den Fhoghrúpa Comhairleach chun dréachtghníomhartha a phlé.**
- **Scagadh Comhshaoil a dhéanamh ar an dréacht-PGLB**
- **An dréacht-PGLB a mheas ag an bhFóram Bithéagsúlachta Áitiúil**

## Ráithe 4, 2024

- **Tuilleadh breithnithe ar an dréacht-PGLB ag an nFóram**
- **Leanúint le Scagadh Comhshaoil ar an dréacht-PGLB**
- **Dréacht-PGLB a chur ar fáil**
- **É a chur i láthair Fhóram Sinsearach agus Fhoireann Bainistíochta LCCC**
- **Ionadaithe Tofa á bhreithniú ag ceardlann thiomnaithe**
- **Comhairliúchán Poiblí don Dréachtphlean**

## Ráithe 1, 2025

- Aighneachtaí ón gcomhairliúchán poiblí á bplé ag Fóram Bithéagsúlachta Luimnigh
- An plean a chur chun críche ag an am céanna le scagadh riachtanach comhshaoil.
- Plean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht a fhoilsiú

# CLÁR ÁBHAIR LEATHANACH


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Intreoir | 6 |
| i. Cad is Bithéagsúlacht ann | |
| ii. Cén fáth a bhfuil Bithéagsúlacht tábhachtach | |
| Físráiteas | 8 |
| Ról Phlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht (PGLB) | 9 |
| Cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht | 10 |
| An Dúlra i Luimneach | 11 |
| Comhthéacs beartais | 17 |
| Ár bhFreagrachtaí Dlíthiúla | 18 |
| Bagairtí agus Dúshláin | 19 |
| Monatóireacht ar Phlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht 2025-2030 | 31 |
| Cad is Féidir Leat a Dhéanamh | 31 |
| Conclúid | 32 |
| Deiseanna Cistiúcháin agus Naisc Úsáideacha | 34 |
| Aguisíní agus Tagairtí | 35 |
| Nótaí buíochais do Ghrianghrafadóirí | 41 |




# INTREOIR

## Cad is Bithéagsúlacht ann?

Cuimsíonn Bithéagsúlacht éagsúlacht na bhfoirmeacha beatha ar Domhan. Is ionann í agus an éagsúlacht dúlra, gnáthóg, plandaí agus ainmhithe (sinne mar dhaoine san áireamh) agus a ndlúthnaisc lena chéile. Táimid mar chuid den dúlra agus tá gach rud sa dúlra nasctha le chéile. Níl bithéagsúlacht teoranta do speicis atá faoi bhagairt nó atá neamhchoitianta, ach cuimsíonn sé an dúlra ar fad ón ngnáthrud go dtí an speiceas atá i mbaol criticiúil. Cuimsíonn bithéagsúlacht an réimse d'áiteanna ina mbíonn plandaí agus ainmnithe ag maireachtáil, ón bpáirc áitiúil díreach timpeall an chúinne go dtí na mara agus na haigéin is doimhne ar Domhan.

## Cén fáth a bhfuil tábhacht le bithéagsúlacht?

Tá ár mBithéagsúlacht i Luimneach mar thoradh ar na milliúin bliain d'éabhlóid. Cé nach dtuigimid é, cuireann bithéagsúlacht go leor de na bunriachtanais ar fáil a chothaíonn ár saolta. Ocsaigin, uisce glan, bia, éadaí agus áiteanna le cónaí agus scíth a ligean iontu. Bíonn bithéagsúlacht shaibhir mar bhonn ag forbairt eacnamaíoch agus rath agus déanann sé ár dtimpeallacht níos láidre i gcoinne athrú aeráide.

TáimníthromchúiseachfaoibhithéagsúlachtinÉirinn agus ar fud an domhain. Tharraing tuarascálacha ar na mallaibh aird ar laghdú ar bhithéagsúlacht. Thuairiscigh Séú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann chuig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Bithéagsúlacht go bhfuil 91% de ghnáthóga faoi chosaint i ndrochbhail nó i mbail easnamhach agus tá meath ag teacht ar níos mó ná 50% acu, agus measadh gur speicis i mbaol iad 14% de na speicis a ndearnadh measúnú orthu. D'fhógair Dáil Éireann géarchéim bhithéagsúlachta i mí na Bealtaine 2019, agus dar leis an Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta, Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (AIBESBE) tá an bhagairt ó chaillteanas bithéagsúlachta díreach chomh tromchúiseach leis an éigeandáil aeráide.

Tá éagsúlacht leathan gnáthóg agus speiceas i Luimneach, ach tá an patrún céanna de chaillteanas oidhreachta nádúrtha ag tarlú i Luimneach is atá ag tarlú ar fud an Domhain. Tá gnáthóga áitiúla á gcailleadh agus/nó tá siad faoi dhíghrádú agus uimhreacha speiceas ag dul i laghad. Is é an dúshlán atá ann do Luimneach ná forbairt agus fás i ndóigh a gcosnaíonn agus a gcuireann le bithéagsúlacht do na glúnta atá le teacht. Tá príomhról ag 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2024 – 30 agus Plean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht 2025-2030 inár n-iarrachtaí chun ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint do na glúnta atá le teacht.

# Conas a chuidíonn Bithéagsúlacht linn

## - Seirbhísí Éiceachórais





# ÁR BHFÍS

Is é ár bhfís ná go mbeadh Luimneach ina áit ina bhfuil bithéagsúlacht faoi bhláth agus ina n-oibríonn gach earnáil, páirtí leasmhar agus duine le chéile chun an dúlra a athbhunú, a chosaint agus a fheabhsú mar gheall ar a luach intreach féin agus a chumas chun ár riachtanais a chomhlíonadh, ár saolta agus saolta na nglúnta atá le teacht a shaibhriú.


# RÓL PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LUIMNIGH UM BITHÉAGSÚLACHT (PGLB)

Soláthróidh Plean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht creatlach chun obair gach duine atá bainteach le caomhnú na timpeallachta nádúrtha i gCathair agus Contae Luimnigh a threorú. Is é príomhchuspóir PGLB iarrachtaí agus acmhainní Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, eagraíochtaí eile, grúpaí caomhantais dúlra agus daoine aonaracha a dhíriú ar dhul i ngleic leis an ngéarchéim éiceolaíoch agus éigeandáil aeráide atá ag dul in olcas. Cuireann an Plean Bithéagsúlachta na gníomhartha sa 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus an Plean Gníomhaíochta Luimnigh um Athrú Aeráide i bhfeidhm mar chaomhantas dúlra praiticiúil.

Táimid uile freagrach as sláinte agus folláine ár dtimpeallachta nádúrtha. Tugann an Plean Gníomhaíochta dúshlán faoi gach duine; pleanálaithe, ailtirí, tírdhreacha, eolaithe, innealtóirí, polaiteoirí, forbróirí, úinéirí gnó, pobail áitiúla agus daoine aonaracha chun páirt a ghlacadh i gcosaint agus athbhunú an dúlra i gcíbe dóigh ar féidir leo. Cuideoidh Plean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht, le tacaíocht ó shaoránaigh Luimnigh, linn ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint agus Cathair agus Contae Luimnigh a fhorbairt i mbealach forásach agus inbhuanaithe, rud a chuireann ar ár gcumas timpeallacht shaibhir nádúrtha a thabhairt ar láimh don chéad ghlúin eile.

# CUSPÓIRÍ PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LUIMNIGH UM BITHÉAGSÚLACHT

Tá cuspóirí PGLB ag teacht leis na cuspóirí 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht



# AN DÚLRA I LUIMNEACH

Tá éagsúlacht plandaí, feithidí, mamach, éan, amfaibiach, iasc agus beatha ithreach i Luimneach. Ní mór dúinn leanúint leis an obair chun an réimse áiteanna, gnáthóg, a bhfuil plandaí agus ainmnithe ag maireachtáil iontu a chothabháil chun an éagsúlacht seo a chaomhnú agus, i gcásanna áirithe, speiceas atá caillte ag Luimneach a thabhairt ar ais, ón bpáirc nó ceantar glas áitiúil go dtí ár gcoillearnach agus ón linn is lú, an gairdín cúil go dtí ár n-aibhneacha agus ár n-inbhir.

Tá roinnt suíomh faoi chosaint idirnáisiúnta laistigh den Chathair agus den Chontae. San áireamh sna suímh atá ainmnithe mar gheall ar a dtábhacht don AE, tá 12 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna), 3 Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LChoSanna); Suímh a bhfuil Tábhacht leo ó thaobh Caomhantais de (STCanna) a thugtar orthu. Tá gnáthóga tosaíochta sna suímh seo agus gairtear an Líonra Natura 2000 orthu agus tá siad faoi chosaint an dlí faoi Threoir maidir le Gnáthóga an AE. Chomh maith le hainmniúcháin an AE, tá 4 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LONanna) atá tábhachtach go náisiúnta, agus tríocha seacht LON molta mar áiteanna ina maireann plandaí agus ainmnithe i staid measartha nádúrtha.

Soláthraíonn gnáthóga fiadhúlra eile nach suíomh ainmnithe iad conairí agus clocháin go dtí an líonra éiceolaíoch níos leithne rud a chuireann le héagsúlacht agus saibhreas an dúlra laistigh den chontae. Cuimsíonn siad seo;


- Bogaigh, Conairí Uisce, Uiscí Trasdultacha, Aibhneacha, Sruthanna & Linnte
- Coillearnach, Scrobarnach & Crainn Fálta Sceach
- Limistéir Ardtalún
- Spásanna Glasa Uirbeacha & Páirceanna

Tá tábhacht áirithe ag Fálta Sceach don nascacht bhithéagsúlachta. Is fearr le go leor dár speiceas atá luaite in aguisín IV amhail crú-ialtóga beaga agus scréachóga reilige iad féin a bheathú ó na fálta sceach. Léiríonn suirbhéireacht LCCC ar fhálta sceach sa tír a rinneadh le gairid go bhfuil drochbhail ar 40% dár bhfálta sceach.


Úsáideadh 'Guide to Habitats in Ireland' de chuid na Comhairle Oidhreachta (2000) mar threoirlíne chun limistéir le han-tábhacht ó thaobh bithéagsúlachta de i Luimneach a mhapáil.

Cothaíonn Éire 60 cineál gnáthóg éagsúil a bhfuil bearta caomhnaithe speisialta de dhíth orthu (dá ngairtear Aguisín I ón Treoir um Ghnáthóga 92/43/EEC, arna léasú ag Treoir 97/62/EC). Is cineálacha tosaíochta 16 acu seo a meastar atá i mbaol a gcaillte. Tá sé tábhachtach, go dtarraingeofar aird ar gach ceann de na gnáthóga laistigh de Luimneach mar gheall ar a dtábhacht do chaomhantas dúlra ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach.






## Aguisín 2 Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta Luimnigh
## Aguisín 3 Limistéir faoi Chosaint Speisialta




## Aguisín 4 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Luimnigh
## Aguisín 5 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Luimnigh Mholta

# AN DÚLRA I LUIMNEACH

## Fionnuisce –

Faightear fionnuisce go nádúrtha ar dhromchla an domhain in oighearchlúideacha, oighearchaidhpeanna, oighearshruthanna, portaigh, linnte, lochanna, aibhneacha agus sruthanna, agus faightear é faoin talamh mar screamhuisce in uiscígh agus sruthanna faoin talamh.

## Uiscí Trasdultacha

Is dobharlaigh iad ár n-uiscí inbhearacha nó uiscí trasdultacha atá in aice le béil abhainn agus atá goirt go pointe áirithe mar gheall ar a chóngaraí is atá siad le huiscí cósta, ach a bhfuil tionchar ag sruthanna fionnuisce orthu.

## Bogaigh

Meastar gurb é bogach an t-éiceachóras is éagsúla ó thaobh bithéagsúlachta de as na héiceachórais ar fad. Is limistéar é bogach a bhfuil an ithir ar maos le taise go buan nó go séasúrach ann. D'fhéadfadh limistéir mar seo a bheith páirtchlúdaithe nó clúdaithe go hiomlán ag locháin bheaga éadoimhne. Cuimsíonn bogaigh seascainn, riasca, agus portaigh, i measc rudaí eile agus is féidir le sáile, fionnuisce, nó uisce goirt a fháil mar uisce i mbogaigh. Soláthraíonn bogaigh nádúrtha agus thógtha feidhm luachmhar maidir le rialú tuilte agus tá siad éifeachtach ag scagadh agus ag glanadh truailliú uisce mar go mbaineann siad truailleáin agus dríodair ó uisce stoirme nó scaipeann siad rith talmhaíochta.

## Coillearnach, Crainn taispeántais agus Fálta Sceach

I ngnáthóga coillearnaí, bíonn crainn, toir, cineálacha raithní, caonaigh agus léicin agus na héin, feithidí agus ainmnithe go léir a bhaineann leo (ceann de na cineálacha gnáthóige is teirce i Luimneach). Is iad Coillearnach Darach, Saileach Fuinseoige-Fearnóige, Sceach Gheal agus Coillearnach Feá agus Coillearnach a bhfuil meascán de na crainn seo istigh iontu na príomhchineálacha coillearnaí in Éirinn.

Tá gnáthóga coillearnaí saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de, go háirithe más crainn dhúchasach Éireannacha iad formhór na gcrann atá iontu. Cé go dtugann fáschoillte buaircíneach foscadh, ní thugann siad an leibhéal céanna tacaíochta mar ghnáthóg is a thugann coillearnach dhúchasach d'fhiadhúlra Éireannach. Tá beagán coillearnach dhúchasach fágtha in Éirinn agus i Luimneach. Tá tábhacht ar leith ag na coillearnacha a bhfuil aird dírithe orthu sa Phlean seo.

Is gnéithe tuaithe iad na fálta sceach de ghnáth ach tá giotaí fálta sceach scaipthe ar fud Chathair Luimnigh. Feidhmíonn fálta sceach, cibé áit ina bhfuil siad, mar, 'naisc conaire gnáthóige,' d'éin, ialtóga, mamaigh bheaga, agus inveirteabraigh eile. Tá crainn neamhspleácha tábhachtach don bhithéagsúlacht áitiúil. Is iad gnáthóga fálta sceach agus gnáthóga crann na gnáthóga is mó faoi bhagairt ar fud na hÉireann. Baintear iad chun forbairt a éascú agus cuirtear rud éigin a bhfuil luach níos lú air ina n-áit



## Féarthailte agus tailte Talmhaíochta

Is é féar an planda is coitianta ar ár bhféarthailte. Tá ár mbláthanna fiáine amhail boladh cnis, caisearbháin, feochadáin, magairlíní agus naprúin Phádraig scaipthe ar fud na bhféarthailte. Dá "nádúrtha" na féarthailte is ea is fearr a mbithéagsúlacht. Soláthraíonn síolta agus feithidí i ngnáthóga féarthailte bia d'éin agus fiadhúlra eile.

Is féarthalamh atá faoi bhainistíocht daoine í talamh feirme, rud nach gnáthóg mhaith do speicis í go ginearálta. Má dhéantar bainistíocht air mar mhóinéar féir traidisiúnta, mar atá déanta i mionlach d'fheirmeacha, (de ghnáth feirmeacha eachaí) ar fud na tíre, cuirfidh sé seo leis an méid speiceas planda agus beidh sé mar ghnáthóg do phlandaí agus ainmnithe a dtagtar orthu i bhféarthalamh.

## Gnáthóga Uirbeacha

I measc áiteanna tábhachtach d'fhiadhúlra sa Chathair agus sna bailte agus sna bailte fearainn ar fud Luimnigh, tá gairdíní príobháideacha, páirceanna bardasach, reiligí, tailte na h=n-institiúidí, claífoirt iarnróid, canálacha, bruacha canála agus ballaí agus móinéir bláthanna fiáine uirbeacha, droichid agus seanbhallaí. Is féidir le suímh thréigthe, cé nach bhfuil siad buan, gnáthóga nádúrtha luachmhara a sholáthar freisin. Tá sé tábhachtach go ndéantar machnamh ar bhithéagsúlacht agus réitigh nádúrbhunaithe agus go ndeartar iad mar chuid de gach forbairt nua agus athchóirithe.

## Ardtailte

Tá ardtalamh mar chuid shuntasach de Chontae Luimnigh, i.e. clúdaíonn Cnoic Iarthair Luimnigh ceathrú iartharach an Chontae ina hiomláine, tá an Sliabh Riabhach agus Na Gaibhlte sa deisceart agus Sliabh Eibhlinne san oirthuaisceart. Is áiteanna tábhachtacha iad do chromáin na gcearc go háirithe, agus bhí clú orthu as roinnt speicis pórúcháin amhail crotach agus cearc fraoigh atá anois caillte a bheith acu.





# COMHTHÉACS BEARTAIS

## Comhthéacs beartais

Tá beartas riachtanach ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda chun creat a sholáthar d'oidhreacht nádúrtha Luimnigh. Is é an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an phríomhghníomhaireacht rialtais atá freagrach as gnáthóga agus speicis a chaomhnú in Éirinn. Tugann 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2024 -2028, (cáipéis reachtúil), aird ar an ról atá ag na hÚdaráis Áitiúla maidir leis an oidhreacht a chur chun cinn agus a chosaint. Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a ndualgas chun bithéagsúlacht áitiúil agus oidhreacht nádúrtha a chosaint, a athbhunú, agus a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara agus saoránaigh. Is féidir le PGLB 2025-2030 bearnaí i mbeartas a aithint agus gníomhartha a aithint ar féidir leo tionscnaimh agus fócas a threorú sa todhchaí.




Tá **tuilleadh** sonraí le naisc le haghaidh tuilleadh eolais ar na beartais sa ghrafaic faisnéise seo in Aguisíní 7.

# ÁR BHFREAGRACHTAÍ DLÍTHIÚLA

Tugann Reachtaíocht Náisiúnta Fiadhúlra agus Reachtaíocht Eorpach cosaint dhlíthiúil don dúlra i Luimneach. Tá impleachtaí ag an reachtaíocht seo ar an dóigh a ndéanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, comhlachtaí reachtúla eile, an pobal feirmeoireachta, gnóthaí agus saoránaigh a gcuid gnó

### Seo a leanas an Phríomhreachtaíocht a bhaineann le bithéagsúlacht in Éirinn:




Tá **naisc** le tuilleadh sonraí ar an reachtaíocht chomh maith le hachoimre ar na suímh agus speicis faoi chosaint sa ghrafaic faisnéise seo in Aguisíní 8.

# CAILLTEANAS BITHÉAGSÚLACHTA

Tá sé tábhachtach go dtuigimid go raibh caillteanas bithéagsúlachta in Éirinn le 50-60 bliain anuas rud a d'fhág gur fhógair an Dáil Géarchéim Bhithéagsúlachta in 2019.

- Thit Bogaigh ó 20% den talamh orgánach go 14.9%.
- Tá 26% de Speicis Éin na hÉireann ar an Liosta Dearg d'Éin faoi Imní Caomhnaithe Tagairt 1
- Aithnítear go bhfuil 63% d'Éin na hÉireann ag dul i léig. Tag 2
- Titim 50% i líon na bPailneoirí ó 1980 le (2 speiceas díobh le 80 bliain anuas) Tagairt 3
- Titim 50% nó os a chionn i speicis plandaí dúchasacha na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, agus an titim is mó tagtha ar fhéarthailte dúchasacha. Titim 35% ar an líon in Éirinn – Tagairt 4
- Meastar go bhfuil stádas ard éiceolaíochta ag 2% d'uiscí Luimnigh, 30% le stádas Maith, 32% le stádas measartha agus 35% le Drochstádas. Tag 5

Aithníonn an Plean Náisiúnta um Bithéagsúlacht gurb é caillteanas agus díghrádú gnáthóg an phríomhchúis le lagú na bithéagsúlachta in Éirinn sa lá atá inniu ann. Tá plandáil buaircíneach tráchtála, dianshaothrú talmhaíochta, draenáil artaireach, forbairtí tionsclaíochta, sraoilleáin uirbeach, agus forbairtí bonneagair i measc na bpríomhchúiseanna le caillteanas gnáthóg i Luimneach agus go náisiúnta. Cé gur athraigh gníomhaíocht an duine ár dtírdhreacha agus ár ngnáthóga go stairiúil, cuireadh go mór le luas agus scála an athraithe ó lár an 20ú céad ar aghaidh.

# BAGAIRTÍ AGUS DÚSHLÁIN

## Caillteanas agus Ilroinnt Gnáthóg

Tá caillteanas mór gnáthóg agus ilroinnt gnáthóg ann mar gheall ar an bhforbairt thapa ó thaobh tithe, bóithre agus bonneagar eile de inár mbailte agus faoin tuath, chomh maith le hathruithe móra ar chleachtais talmhaíochta agus iascaireachta. Tarlaíonn ilroinnt nuair a ghearrann mótarbhealach trí phaiste tírdhreacha agus cruthaíonn sé dhá phaiste tírdhreacha níos lú, mar shampla. Cothaíonn paistí gnáthóige níos lú níos lú speiceas de ghnáth agus cothaíonn siad pobail níos lú de na speicis atá ann. Tagann caillteanas nascachta agus/nó méadú ar an fhad idir paistí mar thoradh ar ilroinnt mhéadaitheach, rud a bhfuil iarmhairtí diúltacha aige ar ábaltacht na bplandaí agus ainmnithe bogadh tríd an tírdhreach agus chun pobail inmharthana a chothú.

**Cad a dhéanaimid faoi seo i dtréimhse an phlean seo?**

- Leanfaimid le suirbhéireacht agus mapáil ar oidhreacht nádúrtha i Luimneach lena n-áirítear conairí fiadhúlra amhail fálta sceach, ciumhaiseanna agus aibhneacha atá de dhíth ar ainmnithe, plandaí agus feithidí fiáine chun bogadh tríd an tírdhreach

## Foraoiseacht Tráchtála, Diansaothrú Talmhaíochta agus Draenáil

Ó na 1950idí ar aghaidh bhí drochthionchar ar bhithéagsúlacht in Éirinn mar gheall gur tháinig an fhoraoiseacht tráchtála agus dianchleachtais feirmeoireachta isteach. Cuireadh foraoiseacht buaircíneach tráchtála ar thalamh a ceapadh ag an am gur thalamh 'imeallach' é lena n-áirítear talamh phortaigh agus limistéir ardtalún. Nuair a ullmhaíodh an talamh seo le díoga draenála chun fás an bharra tráchtála a éascú agus nuair a cuireadh agus a leagadh crainn uirthi, bhí tionchar suntasach ann ar bhithéagsúlacht lena n-áirítear speicis sléibhe amhail Cromán na gCearc, Meirliún agus Cearc Fhraoigh.

Tá laghdú i speiceas féarthailte, mar thoradh ar dhianthalmhaíocht, le cleachtais ghearrtha nach bhfuil comhoiriúnach le séasúr neadaithe na n-éan talún agus le tionchar méadaitheach cothaitheach ar ár sruthchúrsa.

Sníonn agus sceitheann ár n-aibhneacha, seo an dóigh a ndeachaigh nádúr in oiriúint d'éagsúlachtaí aeráide agus topagrafaíochta. Cruthaíonn sé seo réimse gnáthóg don bhithéagsúlacht agus cuidíonn sé le cosc a chur ar thuilte. Tá drochthionchar ag an Acht Siltin Airtéirigh, 1945 ar bhithéagsúlacht agus tírdhreach ar roinnt aibhneacha agus limistéir thalún.

**Cad a dhéanaimid faoi seo i dtréimhse an phlean seo?**

- Leanfaimid orainn teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí náisiúnta cuí agus foraoiseacht tráchtála chun dea-chleachtas ó thaobh foraoiseachta a chinntiú.
- Leanfaimid orainn obair leis an bpobal feirmeoireachta agus eagraíochtaí feirmeoireachta chun tionchar cleachtas talmhaíochta ar an tírdhreach nádúrtha a laghdú.
- Spreagfaimid daoine chun úsáid a bhaint as réitigh nádúrbhunaithe in áit réitigh innealtóireachta crua ar shruthchúrsa agus spreagfaimid eagraíochtaí talmhaíochta náisiúnta chun scéimeanna feirmeoireachta a thabhairt isteach a fhágann gur féidir tuilemhánna abhann a athbhunú nuair is cuí.



## Suaitheadh

Tá cuid de na suímh is tábhachtaí ó thaobh caomhantais nádúrtha de i Luimneach ar feadh Inbhear na Sionainne agus i ngnáthóga abhann agus bogaigh eile. Tá sé seo mar gheall ar na mílte éan a chaitheann an geimhreadh agus a phóraíonn ansin. Fáireann roinnt de na héin sna limistéir seo agus beathaíonn siad iad féin iontu. Tá na héin gheimhrithe in Éirinn chun téarnamh i ndiaidh a n-eitilte fada agus caitheann siad an geimhreadh séimh anseo, agus iad ag ramhrú dá dturas fillte go Tuaisceart na hEorpa agus go dtí an tArtach. Má chuireann daoine nó madraí isteach ar na héin seo, úsáideann siad cuid mhór fuinnimh, rud a chuireann bac ar a dtéarnamh agus is féidir leis seo tionchar a imirt ar rath póraithe agus rátaí báis. D'fhéadfadh fás leanúnach Chathair agus Chontae Luimnigh a bheith ina dhúshlán ó thaobh daoine a rialú agus a threorú le nach gcuirfidís isteach ar shuímh beathaithe agus fara agus i gcásanna áirithe suímh neide. Chomh maith leis seo, meastar go maraíonn cait fhiáine agus bhaile thart ar 16 milliún éan agus ainmní beag in aghaidh na bliana in Éirinn.



**Cad a dhéanaimid faoi seo sa Phlean?**

- Suímh bheathaithe agus fara na n-éan imirceach a mhapáil agus a chosaint
- Spreagfaimid do dhaoine tailte a cheannach in aice leis na hinbhir agus iad seo a bhainistiú chun suímh bheathaithe agus fara nach gcuirtear isteach orthu a sholáthar do na héin imirceacha
- Méadóimid tuiscint ar thionchar gníomhartha fóillíochta ar éin bheathaithe agus fara agus fiadhúlra eile.
- Labhairt ar son úinéirí a bheith freagrach as a bpeataí.

## An tAthrú Aeráide

Tá dlúthcheangal idir an ghéarchéim bhithéagsúlachta agus an ghéarchéim athraithe aeráide. Cuireann athrú aeráide dlús le scrios an domhain nádúrtha trí thriomach, trí thuilte agus trí fhalscaithe, agus le caillteanas an nádúir agus á úsáid ar bhealach neamh-inbhuanaithe géaraítear ar an athrú aeráide. Is féidir le hathrú aeráide tionchar a imirt ar ár ngnáthóga agus speicis ar an iliomad bealaí. Is féidir le hathruithe ar choinníollacha comhshaoil i dtailte geimhrithe éin ghoir na hÉireann san Afraic Fho-Shahárach, amhail triomach nó tuilte, tionchar a imirt ar phobal na n-éan goir i Luimneach. Is féidir le dálaí aimsire san Artach athrú a dhéanamh ar líon na n-éan a chaitheann an geimhreadh in Éirinn ar an dóigh chéanna. Tagann tréimhse bláthaithe na gcrann, na dtor agus na bplandaí níos luaithe agus níos luaithe rud a chruthaíonn gach cineál deacrachta d'fheithidí agus a gcreachadóirí éanúla. Tá a saolré ina dhiaidh dul in oiriúint le tréimhsí bláthaithe plandaí áirithe, rud a chinntíonn go bhfuil neart bia ann i rith shéasúr an ghoir. Is féidir le hathruithe ar thréimhsí bláthaithe mar gheall ar athrú aeráide a bheith achrannach do roinnt speiceas. Le hardú ar leibhéal na farraige agus dálaí adhaimsire stoirme, cuirfear brú breise ar ár n-aibhneacha agus ár ngnáthóga cósta go háirithe, agus cuirfidh dálaí aimsire níos tirime agus níos teo le baol falscaithe.

Ach ar an dóigh chéanna go bhfuil na géarchéimeanna seo ceangailte, tá na réitigh ceangailte chomh maith. Is comhghuaillí ríthábhachtach é an dúlra sa troid in éadan athrú aeráide. Beidh réitigh nádúrbhunaithe, amhail foraoisí, bogaigh, éiceachórais chósta a chosaint agus a athbhunú, nó bainistiú inbhuanaithe ar limistéir mhuirí, riachtanach chun astaíochtaí a laghdú agus oiriúnú don aeráid (Tag 6).

**Cad a dhéanaimid faoi seo sa Phlean?**

- Spreagfaimid do dhaoine talamh a cheannach timpeall an inbhir chun ligin do ghnáthóga inbhearacha bogadh le hardú ar leibhéal na farraige, tuile a ionsú, caighdeán uisce a fheabhsú agus éiceachórais chósta a athbhunú.
- Cruthóimid coillearnach agus gnáthóga eile ag suímh straitéiseacha rud a chuirfidh idirghabhálaithe idir limistéir faoi chosaint agus limistéir fóillíochta.

## Truailliú

Tá baol ag gach cineál truaillithe ar an mbithéagsúlacht, ach is iad truailliú cothaitheach i limistéir uisce, truailliú lotnaidicíde in ithreacha agus limistéir uisce agus truailliú solais na cineálacha truaillithe is ábhartha i Luimneach. Is truailleáin choitianta iad nítrigin agus fosfar inár n-aibhneacha agus ár n-inbhir, rudaí a thagann go príomha ó leasacháin cheimiceacha agus aoileach a chuirtear ar na goirt chun fás barr a mhéadú. Tagann eotrófú na n-éiceachóras mar thoradh ar aon nítrigin agus fosfar neamh-ionsúite a láisteann isteach in aibhneacha agus screamhuisce in aice láimhe. Is cúiseanna eile le héilliú ár n-uiscebhealaí iad uisce uirbeach a ritheann chun srutha, leagan foraoiseachta, agus róshreabhadh camrais.

Léiríodh imní faoi thionchar díobhálach úsáide coitianta lotnaidicídí i bhfeirmeoireacht ar phailneoirí agus éan ar thalamh feirme. Is féidir le lotnaidicídí a bheith i bpailin agus neachtar bláthanna dúchasacha rud a imríonn tionchar ar phailneoirí, agus ag an am céanna itheann éin ar thalamh feirme amhail scréachóga reilige creimirí a bhfuil lotnaidicídí ite acu.

Is féidir le truailliú solais shaorga drochthionchar a imirt ar bhithéagsúlacht. D'éabhlóidigh go leor ainmnithe ina n-ainmnithe oíche amhail Ialtóga, Leamhain agus Scréachóga Reilige. Déanann siad seilg nó bogann siad thart faoi choim na hoíche, le solas ón ngealach nó na réaltaí amháin chun a n-eitilt a threorú. Is féidir le soilsiú tionchar a imirt ar shuímh fara ialtóg, ar bhealaí comaitéireachta agus ar limistéir shealgaireachta agus is féidir leis cur isteach ar iompar beathaithe ialtóg (Tag 7).

**Cad a dhéanaimid faoi seo sa Phlean?**

- Spreagfaimid do dhaoine tailte ar thuilemhánna a cheannach chun coillearnach fhliuch agus gnáthóga bogaigh eile a fhorbairt chun cothaithigh a cheapadh ó thalamh feirme atá taobh leis agus caighdeán uisce a fheabhsú
- Oibreofar le tríú páirtithe chun tionscadail athbhunaithe abhainn a dhéanamh a chuireann bearta agra-chomhshaoil san áireamh lena n-áirítear stiallacha idirghabhála, clúdach geimhridh, baic siolta i ndraenacha agus bainistíocht comhtháite lotnaidí.




## Easpa Bainistíochta Gnáthóg

Tá idirghabháil ón duine de dhíth ar chuid de na cineálacha gnáthóg saorga amhail fálta sceach agus móinéir chun éagsúlacht plandaí agus ainmnithe a dtacaíonn siad leo a chaomhnú. Cruthaíodh fálta sceach mar theorainneacha goirt díonta ar bheostoc san am a chuaigh thart agus ní mór iad a ghearradh agus fóir a chur orthu gach cúpla bliain. Mura ndéantar iad a bhainistiú, iompaíonn na fálta sceach go línte crann lánfhásta agus cailleann siad a ndlúthchlúdach, an rud atá ríthábhachtach don fhiadhúlra. Ní mór móinéir bláthanna fiáine a ghearradh nó a innilt san fhómhar chun cosc a chur ar na móinéir seo a bheith fiáin le scrobarnach.

**Cad a dhéanaimid faoi seo sa Phlean?**

- Forbróimid treoirdhoiciméad maidir le bainistiú agus measúnú na bhfálta sceach
- Déanfaimid measúnú ar acmhainn fálta sceach ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle agus déanfaimid na hoibríochtaí cothabhála riachtanacha (e.g. bunscoitheadh agus leagan)
- Oibreoimid le Bailte Slachtmhara agus comhlachais cónaitheoirí áitiúla chun fálta sceach a bhainistiú i spásanna oscailte
- Déanfaimid scéimeanna innilte caomhantais a thriail ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle
- Oibreoimid le feirmeoirí áitiúla chun féar a bhailiú ó pháirceanna na comhairle
- Oibreoimid le grúpaí na mBailte Slachtmhara agus comhlachais cónaitheoirí áitiúla chun móinéir bláthanna fiáine in eastáit tithíochta agus ciumhaiseanna bóthair a chothabháil







## Speicis Choimhthíocha Ionracha

Is plandaí nó ainmnithe iad speicis choimhthíocha a tugadh isteach in Éirinn taobh amuigh dá raon gnáthaithe. Is féidir le speiceas coimhthíoch a iompú go speiceas 'ionrach,' nuair a scaipeann siad go tapa agus tagann siad chun tosaigh ar fhlóra agus fána dúchasach.
Tá an phríomhfhadhb i Luimneach le speicis ionrach teoranta do speicis plandaí coimhthíocha lena n-áirítear Glúineach Bhiorach, Lus na Pléisce agus Feabhrán Capaill. Tá plandaí gairdín ina bhfadhb anois in áiteanna áitiúla mar thoradh ar dhumpáil dramhaíola gairdín agus tá baol ann go mbeidís ionrach agus go n-imreoidís tionchar ar an mbithéagsúlacht áitiúil.

Meastar go bhfuil plá na cráifisce fionnuisce fíor-ionrach agus is fadhb é ar feadh na Máighe ach go háirithe

**Cad a dhéanaimid faoi seo sa Phlean?**

- Leanfaimid orainn le cláir rialaithe atá ann cheana don Ghlúineach Bhiorach, Lus na Pléisce agus Feabhrán Capaill agus leathnóimid é sin ar fud na tíre de réir ár n-acmhainní.
- Bainfimid Labhras Silíní agus speicis ionracha eile mar chuid d'oibríocht bainistíochta coillearnaí ar thalamh faoi úinéireacht na comhairle.
- Cuirfimid an prótacal, 'Seiceáil, Glan, Triomaigh' i bhfeidhm agus cuirfimid chun cinn é ba cheart é seo a dhéanamh roimh agus i ndiaidh cuairt a thabhairt ar abhainn nó loch i Luimneach.

# TÁBLA NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

## A. Cur chuige Luimnigh Trí Chéile, Sochaí Trí Chéile i nDáil le Bithéagsúlacht a ghlacadh

| Uimhir an Ghnímh | Gníomh | Sprioc/Critéir Ratha | Comhlacht atá Freagrach | Acmhainní |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Dea-scéalta a bhaineann le Cás-Staidéir/ Tionscnaimh Bhithéagsúlachta a chur in iúl go gníomhach trí fhoireann Cumarsáide na Comhairle | Líon na n-eisiúintí meán a eiseofar | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 2 | Leanúint le Fóram Bithéagsúlachta Luimnigh a óstáil | Tionólfar 2-3 chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 3 | Oiliúint Bithéagsúlachta do chách in LCCC lena n-áirítear a) cinnteoirí, b) ionadaithe tofa c) gach ball foirne lasmuigh agus laistigh. | Tabharfar faoi oiliúint | LCCC agus HC grúpaí eile amhail an CCMA | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 4 | Dea-chleachtas ó thaobh riachtanas/caighdeán Oiliúna Bithéagsúlachta a chur san áireamh i ngach próiseas soláthair de chuid na comhairle | Forbrófar Treoir Soláthair | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 5 | Infheistíocht/obair le tríú páirtithe i suímh thaispeántais chun bithéagsúlacht áitiúil a chur chun cinn | Tabharfar tacaíocht ar a laghad de 2 shuíomh taispeána. 1 x Tuaithe agus 1 x Uirbeach | LCCC | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 6 | A chinntiú go bhfuil bithéagsúlacht comhtháite i dtreoirdhoiciméad do thionscnaimh deontais an LCCC | Forbrófar doiciméid treorach | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 7 | Obair go gníomhach le grúpaí Bailte Slachtmhara (BS), ENRanna agus Pobail Chreidimh maidir le bithéagsúlacht etc. | Go Bliantúil | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 8 | Treoracha Dea-Chleachtais a fhorbairt chun tionchar na forbartha ar bhithéagsúlacht a laghdú | Foilseofar doiciméad treorach | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 9 | Tacú le pobail eastát tithíochta an ÚÁ chun áiteanna glasa a bhainistiú i mbealach bithéagsúil | Go Bliantúil | Foireann Cothabhála Pobail agus foireann athnuachana LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 10 | Ceardlanna Oiliúna Múinteoirí ar Bhithéagsúlacht agus réitigh nádúrbhunaithe a fhorbairt agus a sholáthar | Go Bliantúil | LCCC i gcomhar le ÚÁ in aice láimhe agus páirtithe leasmhara eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 11 | Obair le cláir na Scoileanna Glasa agus cláir Oidhreachta sna Scoileanna chun bithéagsúlacht agus ceisteanna aeráide a chur chun cinn i measc daltaí agus pobal níos leithne sa scoil | Forbrófar 2 chás-staidéar ar fhiadhúlra i scoileanna | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 12 | Seomraí ranga nádúrbhunaithe lasmuigh a thabhairt chun caighdeán Fhondúireacht Eolaíochta Éireann nó a chomhionann nuair is féidir | Déanfar 2 fheachtas ar a laghad a fhorbairt | LCCC i gcomhar le grúpaí eile? | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 13 | Cláir oideachais spriocdhírithe don phobal feirmeoireachta | Déanfar clár oideachais amháin ar a laghad a dhíreoidh ar an bpobal feirmeoireachta a chur i gcrích in aghaidh na bliana | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 14 | Comhoibriú agus leas a bhaint as Prionsabail Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (CSR) chun comhoibriú le Comhlachtaí Corparáideacha agus Eagraíochtaí Áitiúla nuair is cuí | 2 chomhoibriú ar a laghad | Tionscal áitiúil agus LCCC | Acmhainní Tionscail áitiúla agus LCCC |
| 15 | Sraith imeachtaí a óstáil a bhaineann le forbairt acmhainní bithéagsúlachta go bliantúil don phobal i gcoitinne | Reáchtálfar 4 imeacht phearsanta ar a laghad gach bliain le himeachtaí breise ar líne nuair is cuí. Déanfar comhdháil bhithéagsúlachta amháin a óstáil le linn thréimhse pleanála. | LCCC i gcomhar le páirtithe leasmhara eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 16 | Múrphictiúir Bithéagsúlachta réalaíocha agus shuntasacha a chruthú i gCathair agus Comhairle Luimnigh. | Cuirfear an tionscadal i gcrích | LCCC i gcomhar le Draw Out | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |

| | | |
|---|---|---|
| (bándearg) | **Solúbtha/Anaithnid** | **Am Tosaithe** |
| (bán) | **Ar siúl faoi láthair** | **Ar siúl faoi láthair** |
| (glas) | **Gearrthréimhseach** | **Tús 0-2 bhliain** |
| (oráiste) | **Meántéarmach** | **Tús 2-4 bliana** |

# TÁBLA NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

| B. Riachtanais Phráinneacha Chaomhantais agus Athbhunaithe a chomhlíonadh | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir an Ghnímh** | **Gníomh** | **Sprioc/Critéir Ratha** | **Comhlacht atá Freagrach** |
| 1 | Suímh a aithint atá Tábhachtach ó thaobh Bithéagsúlachta de (STBanna) i gCathair agus Contae Luimnigh de réir threoracha na Comhairle Oidhreachta. A chinntiú go bhfuil siad seo mapáilte agus faoi chosaint trí pholasaithe a chur san áireamh i bPlean Forbartha Luimnigh agus cuirfear tús le hathbhreithniú air seo in 2026 agus pleanenna limistéir áitiúil. | Déanfar LIBS a shainaithint agus a mhapáil. Coinneofar nó leasófar na polasaithe cosanta atá sa phlean forbartha contae mar chuid den athbhreithniú ar an bplean forbartha | LCCC agus HC |
| 2 | Treoirdhoiciméad réamhphleanála a sholáthar le go gcuirfear bithéagsúlacht san áireamh i ngach forbairt úr agus athchóirithe | Cuirfear doiciméad treorach ar fáil | Foireann Pleanála LCCC et al |
| 3 | Céatadán de ranníocaíochtaí forbartha a imfhálú do bhithéagsúlacht go sonrach | % le haithint | LCCC |
| 4 | Plean pailneora a fhorbairt ar fud na Cathrach agus an Chontae Luimnigh ag teacht leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí (PUÉP) | Forbrófar plean | Foireann Páirceanna agus Comhshaoil LCCC |
| 5 | Plean Bainistíochta Féarthailte LCCC a fhorbairt | Forbrófar plean bainistíochta. Méadófar an t-achar talún bliain ar bhliain ón mbunlíne a bunaíodh in 2024 agus cuirfear ar taispeáint ar léarscáil dhathchódaithe é | LCCC |
| 6 | Polasaí Spéire Dorcha LCCC a fhorbairt chun truailliú solais gan ghá a íslíú le cur i bPlean Forbartha Luimnigh, a gcuirfear tús leis an athbhreithniú meántéarmach in 2026. | Forbrófar polasaí agus cuirfear san áireamh é san athbhreithniú ar Phlean Forbartha Luimnigh | LCCC |
| 7 | Íoslaghdóidh LCCC úsáid mhúirín le móin mar chomhábhar ann agus muirín úr gan mhóin a aimsiú go gníomhach nó a gceann féin a dhéanamh. | Déanfar sprioc laghdaithe a shainaithint agus a thuairisciú go bliantúil | LCCC |
| 8 | Leanúint le laghdú agus íoslaghdú ar úsáid lotnaidicídí agus luibhicídí ceimiceacha ar fud ghnó na comhairle | Déanfar tuairisciú bliantúil ar úsáid lotnaidicídí ar fud na heagraíochta | LCCC |
| 9 | Tabhairt faoi mhapáil ar thailte atá zónáilte chun an méid crann agus fálta sceach ag am zónála a dhéanamh amach agus tá an mhapáil seo curtha san áireamh i ngach plean limistéir ag céim an dréachtaithe agus san Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Luimnigh, 2026. | Críochnófar an léarscáiliú agus áireofar í sna pleananna ábhartha | LCCC |
| 10 | Úsáid innilte ar Thalamh na Comhairle nuair is cuí a fhiosrú agus a thriail ar bhonn píolótach | Aithneofar agus tabharfar isteach limistéar cuí chun treoirbhearta féaraigh a dhéanamh. | LCCC agus úinéir ainmhí |
| 11 | Pleananna Bainistíochta do thailte faoi úinéireacht na Comhairle a thabhairt chun tosaigh, a fhorbairt, agus suirbhéireacht a dhéanamh orthu ó thaobh éiceolaíochta de | Forbrófar liosta tosaíochta agus cuirfear plean amháin bainistíochta ar fáil in aghaidh na bliana | LCCC agus conraitheoir rathúil |
| 12 | Leanúint le measúnú ar bhagairtí ar an gcaighdeán uisce trí shamhail gabhdóra conaire foinseach a úsáid ar gach iarratas pleanála. | % na n-iarratas a ndéanfar athbhreithniú orthu | Foireann pleanála LCCC et al |
| 13 | Obair le Rannóg Pleanála LCCC chun Treoir Phleanála an IIÉ ar son Sruthchúrsaí sa Timpeallacht Uirbeach a chur san áireamh i gcinnteoireacht LCCC | Treoir Tagartha le hionchosarprú san athbhreithniú ar Phlean Forbartha Luimnigh | Foireann Pleanála LCCC |
| 14 | Spriocanna a leagan amach a thagann le Polasaí Crainn LCCC chun coillearnach LCCC atá ann cheana a choinneáil i ndea-chaoi agus crainn dhúchasacha úra a chur i limistéir uirbeacha agus tuaithe. | Limistéir acra atá á gcoimeád faoi láthair le haithint. Líon na gcrann curtha, méadú % ar chumhdach na gcrann le tuairisciú go bliantúil | LCCC |

# TÁBLA NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

| B. Riachtanais Phráinneacha Chaomhantais agus Athbhunaithe a chomhlíonadh | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir an Ghnímh** | **Gníomh** | **Sprioc/Critéir Ratha** | **Comhlacht atá Freagrach** |
| 15 | Foinse dhúchasach/áitiúil crann, tor, plandaí etc. a chur chun cinn agus LCCC chun é seo a chur san áireamh mar chritéir maidir le soláthar | Líon na bhfeachtas agus líon na gcrann/plandaí a fhaightear go bliantúil | LCCC i gcomhar le grúpaí eile |
| 16 | Tacú agus comhoibriú ar thionscadail chomhshaoil agus bhithéagsúlachta de réir mar a aimsítear iad le páirtithe leasmhara seachtracha | Comhoibrithe le breithniú de réir mar a thagann siad chun cinn | Comhoubriú LCCC le páirtithe leasmhara eile |
| 17 | Áit chuí do bhoscaí neadaireachta a aimsiú ar Thalamh na Comhairle ar son Scréachóga reilige, Pocairí Gaoithe agus speiceas eile atá aimsithe ag an SNPF agus dul i gcomhairle le heagraíochtaí pobal feirmeoireachta áitiúil maidir leis an gceist chéanna | 5 x bosca neadaireachta le suiteáil gach bliain | LCCC le Cairde Éanlaith Éireann (CÉÉ), BOP, SPNF agus Acres/Teagasc |
| 18 | Cosc ar ilroinnt conairí éiceolaíocha a chur chun cinn lena n-áirítear fálta sceach agus gnéithe abhann | Tabharfar faoi thionscnaimh rialta um fhorbairt acmhainne agus feasachta | Foireann Pleanála LCCC |
| 19 | Leanúint ag obair le CUÚÁ (Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil) agus grúpaí eile chun tionchar na gabhdóirí criticiúla agus leochaileacha i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Abhantrach agus an Chreat-treoir Uisce | Líon na gcruinnithe a eagrófar líon na dtionscadal a forbraíodh | Foireann um Ghníomhú ar son an Chomhshaoil |
| 20 | Tacófar le hiarrachtaí CUÚÁ agus páirtithe eile chun laghdú ar leasachán ceimiceach ar thalamh a chur chun cinn. | Leabhrán treorach le scaipeadh | Comhoibriú le cumainn feirmeoireachta CUÚÁ Teagasc agus LCCC |
| 21 | Tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Spáis Mhuirí agus inbhear na Sionainne a chosaint i gcomhar le húdaráis áitiúla Chiarraí agus an Chláir. | Tacaíocht le cur síos sa tuarascáil bhliantúil | LCCC agus páirtithe leasmhara eile |
| 22 | Labhairt ar son úinéirí a bheith freagrach as a bpeataí | Feachtais aitheanta ENR/ Carthanais le cur chun cinn ar son coilleadh agus neodrú | Páirtithe Leasmhara Ábhartha |

| | | |
|---|---|---|
| | **Solúbtha/Anaithnid** | **Am Tosaithe** |
| | **Ar siúl faoi láthair** | **Ar siúl faoi láthair** |
| | **Gearrthréimhseach** | **Tús 0-2 bhliain** |
| | **Meántéarmach** | **Tús 2-4 bliana** |



# TÁBLA NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

| C. An méid a chabhraíonn an Dúlra le Glúnta Reatha agus na Glúnta atá le Teacht a chinntiú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Uimhir an Ghnímh** | **Gníomh** | **Sprioc/Critéir Ratha** | **Comhlacht atá Freagrach** | **Acmhainní** |
| **Spás ar son bithéagsúlachta, súgradh nádúrtha agus spás glas oiriúnach a bheith i ngach forbairt úr agus athchóirithe** | | | | |
| 1 | Bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú ar gach forbairt i Luimneach lena n-áirítear forbairtí úra, reatha agus athchóirithe chomh maith le Glasbhealaí, gach forbairt infreastruchtúir | Aird a tharraingt ar bhearta úra a tugadh isteach i bhforbairtí úra agus feidhmiú an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Glasbhealaí a chur chun cinn | Foireann Glasbhealaí LCCC agus LCCC agus conraitheoirí agus gnólachtaí saincheadúnais | Acmhainní LCCC féin |
| 2 | Feasacht a mhéadú ar luach intreach na bithéagsúlachta agus na seirbhísí a sholáthraíonn sí dúinn. | Líon na mbeart atá le déanamh agus le roinnt leis an bpobal trí chéile | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 3 | Ag teacht le Beartas Crainn LCCC cur le cur na gcrann oiriúnacha agus fálta sceach de bhunadh áitiúil | Líon na gcrann, na bhfálta sceach le bheith curtha i limistéir uirbeacha, baile agus sráidbhaile (cinntigh go bhfuil an crann ceart san áit cheart) | Forbróirí agus LCCC | Acmhainní an LCCC agus cuid den fhorbairt tionscadail ghinearálta |
| 4 | 2 chás-staidéir a chur ar fáil ar an troid in éadan truailliú trí úsáid a bhaint as réitigh Nádúrbhunaithe (RNB) agus Córais Draenála Inbhuanaithe (CDI) | 2 shuíomh ar a laghad le haithint ina gcuirfear RNB agus CDI i bhfeidhm agus cás-staidéir scríofa le sonraí a thaispeánann truailliú a seachnaíodh agus tionchar dearfach ar bhithéagsúlacht mar thoradh ar na hoibreacha seo | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 5 | Comhoibriú ar chláir le hOifigigh Ealaíne an LCCC, oideachas, tionscadail óige agus eile a chuireann béim ar an Dúlra mar bhé na n-ealaíon agus cultúir | 2 chlár chomhoibritheacha | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní LCCC féin |
| 6 | Comhoibriú ar chláir oideachais agus taighde a chuireann béim ar dhea-thionchar an Dúlra ar fholláine an duine | Tionscadail Urbact, BiodverCity agus Green Place le críochnú agus LCCC le leanúint den bhéim ar shúgradh nádúrtha | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní LCCC féin |
| 7 | Mol faisnéise ar líne de shuímh a chruthú ar féidir le daoine cuairt a thabhairt air agus iad féin a thumadh i limistéir dhúlra atá ann agus aird a tharraingt ar an tSionainn agus a hionchur agus a tábhacht ó thaobh na bithéagsúlachta de | Líon na hamhairc chuig an mol ar líne | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní LCCC agus maoiniú deontais féideartha |
| 8 | Suirbhéanna folláine a dhéanamh chun tionchar gníomhartha aitheanta i gcoinníollacha áirithe a thaifeadadh | 5 x suirbhé folláine le déanamh | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní LCCC féin |



# TÁBLA NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

**D. An Bonn Fianaise um Ghníomhaíocht ar son na Bithéagsúlachta a Fheabhsú**

| Uimhir an Ghnímh | Gníomh | Sprioc/Critéir Ratha | Comhlacht atá Freagrach | Acmhainní |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Suirbhéireachtaí gnáthóige a dhéanamh ar thalamh faoi úinéireacht na comhairle agus aird a tharraingt ar limistéir atá faoi bhagairt agus limistéir a aithint atá oiriúnach d'athchóiriú/ feabhsú agus conairí féideartha fiadhúlra a aithint lena gcosaint trí phleananna reachtúla | Limistéir le haithint agus tosaíocht le tabhairt dóibh le haghaidh suirbhé. Suirbhé amháin gach bliain ar a laghad | LCCC | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 2 | Sonraí a roinnt ó gach suirbhéireacht LCCC le SPNF, an Chomhairle Oidhreachta agus an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta | Sonraí le roinnt leis an gcomhlacht cuí | LCCC | a n-acmhainní féin |
| 3 | Tacú le suirbhéanna náisiúnta SPNF chun sonraí a bhailiú ar gach speiceas in aguisín IV. | Líon na suirbhéanna ar tugadh tacaíocht dóibh | LCCC | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 4 | Forbairt stóir dhigitigh foinse oscailte a fhiosrú le haghaidh Sonraí a bhaineann le Bitheolaíocht Luimnigh faoi réir RGCS agus srianta maidir le híogaireacht fiadhúlra | Fiosrú le déanamh agus tuairisc féideartha le cur i gcrích / naisc idirlín do/ na suímh dhúlra / ar féidir leat cuairt a thabhairt orthu (leanúnach) | LCCC | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 5 | Dul ar aghaidh go Céim II de Shuirbhé Bogaigh Luimnigh | Céim 1 críochnaithe le scéalchlár R1, 2025 agus Céim 2 le bheith críochnaithe le gníomhartha aitheanta R4, 2025 | LCCC i gcomhar le Suirbhé Bogach na hÉireann | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 6 | Gníomhaigh na moltaí ó 1. Suirbhé Éiceolaíochta Dhiméin an Chaisleáin Nua 2024 agus na moltaí bliantúla do 2. Plean Bainistíochta Eastát Bhagóid 2023-50, 3. Plean Bainistíochta na nGort Nua agus 4. Clár Oibre Mhóinéir Chorrbhaile | Gníomhartha le haithint sa tuairisc déanta chomh fada agus atá praiticiúil | LCCC i gcomhar le grúpa áitiúil BS agus éiceolaí conartha | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 7 | Sonraí reatha ó mheasúnuithe, tuarascálacha agus páipéir phleanála a thiomsú, a lárú agus mapáil GIS a dhéanamh orthu. Blianta 2023- 2025 | Bailiúchán saothair le haithint agus le bheith costáilte | LCCC i gcomhar le hInstitiúid 3ú Leibhéal agus Rannóg Bóithre an Iarthair Láir | Acmhainní LCCC féin |
| 8 | Athshuirbhéireacht a dhéanamh ar fharaí Scréachóg Reilige, Gabhlán Gaoithe agus Ialtóg, lena n-áirítear suirbhéireachtaí deisce chun an fhírinne ar an talamh a fheiceáil. | Líon na suirbhéanna a nglacfar páirt iontu. | LCCC i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann / úinéirí talún | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 9 | Tionscadail Eolaíochta Saoránaigh a chur chun cinn chun fianaise a bhailiú a chabhróidh le sonraí a thabhairt le chéile a fhíorófar agus a thiomsófar ar shuíomh an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (INSB). | Uimh. na suirbhéanna ar glacadh páirt iontu | LCCC, INSB i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní an LCCC agus CSR féideartha agus foinsí maoinithe deontais eile |

| | | |
|---|---|---|
| (bándearg) | **Solúbtha/Anaithnid** | **Am Tosaithe** |
| (bán) | **Ar siúl faoi láthair** | **Ar siúl faoi láthair** |
| (glas) | **Gearrthréimhseach** | **Tús 0-2 bhliain** |
| (oráiste) | **Meántéarmach** | **Tús 2-4 bliana** |

**TABHAIR FAOI DEARA - Beidh gach plean agus tionscadal den chéim is ísle a dtacaíonn an plean seo leo faoi réir Scagadh Measúnaithe Chuí, nuair is gá, de réir riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú) nó an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), de réir mar a bheidh.**

# TÁBLA NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ

| E. An méid a chuireann Luimneach le Tionscnaimh Bhithéagsúlachta Náisiúnta agus Réigiúnach a neartú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Uimhir an Ghnímh** | **Gníomh** | **Sprioc/Critéir Ratha** | **Comhlacht atá Freagrach** | **Acmhainní** |
| 1 | Tairseach taifeadta speiceas an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlacht a chur chun cinn | % méadú ar líon na dtaifeadtóirí Luimnigh a théann i ngleic go bliantúil | LCCC | Acmhainní LCCC féin |
| 2 | Cláir chomhtháite a fhorbairt chun dul i ngleic le Speicis Choimhthíocha Ionracha lena n-áirítear a) iad a mhapáil, b) prótacal bainistithe ar son tailte poiblí agus c) treoirlínte ar son tailte príobháideacha d) ceardlanna oideachais spriocdhírithe. | Mapa Speiceas le forbairt. Forbrófar prótacal agus treoirlínte. Déanfar ar a laghad ceardlann amháin ionrach in aghaidh na bliana mar aon le 4 x gearrchomhrá roimh obair | LCCC i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 3 | Leanúint le comhoibriú le grúpa náisiúnta agus réigiúnach na gCrú-Ialtóg Beag. | Líon cruinnithe CIB ar a bhfreastalaítear in aghaidh na bliana | LCCC, SPNF, Caomhnú Ialtóg Éireann (CIÉ) agus páirtithe leasmhara eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 4 | Dul i mbun cainte le hIascach Intíre Éireann, Bord Soláthair an Leictreachais, Oifig na nOibreacha Poiblí agus páirtithe leasmhara eile chun an laghdú ar ghnáthóga bruachánacha agus abhann atá mar ghnáthóg do roinnt speiceas in aguisín IV amhail an bradán Atlantach, an loimpre mhara a aisiompú etc, lena n-áirítear coscanna ar ghluaiseacht éisc inár n-aibhneacha a bhaint agus a mhaolú. | Caidreamh oibre le forbairt le gach grúpa agus méid na gCruinnithe a bhí ann | LCCC i gcomhar le páirtithe leasmhara | Acmhainní LCCC féin |
| 5 | Forbrófar acmhainní ar líne chun aird a tharraingt ar bhithéagsúlacht in Inbhear na Sionainne | Acmhainn Dhigiteach le forbairt | LCCC, Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Contae Chiarraí | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 6 | Sábháil síolta plandaí agus crann áitiúil a thacaíonn le bithéagsúlacht a chur chun cinn laistigh den LCCC agus leis an bpobal i gcoitinne | 2 imeacht phoiblí maidir le sábháil síolta ar a laghad le reáchtáil gach bliain | LCCC | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 7 | Cosaint fálta sceach agus crann chun cinn a chur chun cinn, rud a chuirfidh le bonneagar glas | 2 sheisiún oiliúna ar a laghad le reáchtáil gach bliain. Bileog treorach oideachais ina bhfuil cás-staidéir le cur le chéile | LCCC i gcomhar le húinéirí talún agus eagraíochtaí cuí eile | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 8 | Uasdátú ar Shuirbhé Cumhdaigh Crann Bluesky, 2021 | Suirbhé Cumhdaigh Crann Bluesky le huasdátú agus le déanamh níos soláimhsithe chun eolas a dhéanamh do LCCC | LCCC | 85% Ciste Gníomhaíochta um Bitheolaíocht Áitiúil (CGBA) de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) 15% Acmhainní LCCC féin |
| 9 | Crainn faoi bhainistíocht an LCCC atá faoi thionchar críonadh siar fuinseoige a aithint agus suirbhéireacht a dhéanamh orthu, chun teacht le Polasaí Crann LCCC | Líon na gcrann a Aithneofar agus a ndéanfar suirbhé orthu. Líon na moltaí a rinneadh ón suirbhé | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní LCCC féin chomh maith le maoiniú deontais (le haithint) |
| 10 | Gnáthóg do speicis atá gann i Luimneach a chur chun cinn agus a fheabhsú | Leanfar le hiarrachtaí i dtreo chosaint leanúnach speiceas atá gann go náisiúnta i Luimneach | LCCC i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile | Acmhainní LCCC féin |
| 11 | Tacú le pleananna Eorpacha, Náisiúnta agus áitiúla don Dúlra san am atá le teacht agus rannchuidiú leo | Líon na bpleananna ar a ndéantar aighneachtaí nó ar a dtugann LCCC cúnamh nó tacaíocht | LCCC i gcomhar le grúpaí eile | Acmhainní LCCC féin |

| | | |
|---|---|---|
| | **Solúbtha/Anaithnid** | **Am Tosaithe** |
| | **Ar siúl faoi láthair** | **Ar siúl faoi láthair** |
| | **Gearrthréimhseach** | **Tús 0-2 bhliain** |
| | **Meántéarmach** | **Tús 2-4 bliana** |

**TABHAIR FAOI DEARA - Beidh gach plean agus tionscadal den chéim is ísle a dtacaíonn an plean seo leo faoi réir Scagadh Measúnaithe Chuí, nuair is gá, de réir riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú) nó an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), de réir mar a bheidh.**

# MONATÓIREACHT AR AN BPLEAN

- **Is gné thábhachtach de Phlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht í Monatóireacht.**
  - o Ní mór do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tuairisc a dhéanamh ar an bplean gach bliain agus luafar ansin:
    - Méid na ngníomhartha iomlán atá curtha i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as córas soilse tráchta
    - Tionchar na ngníomhartha ar spriocghnáthóga & spriocspeicis, chun tionchar agus buntáistí na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm a mheas

# CAD IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH

Fág limistéir gan bhearradh agus neamhbhainistithe - bheadh iontas ort cad a gheofá iontu

Cuimhnigh go bhfuil grá agus gá ag pailneoirí do Chaisearbháin, Neantóga agus Eidhneán

Bain úsáid as modhanna nádúrtha chun lotnaidí agus fiaile a rialú seachas ceimiceáin

Cuir speiceas dúchasach crainn agus toir nó bíodh fál Sceiche Gile agat

Tabhair bia do na héin i míonna an gheimhridh agus cuir boscaí neadaireachta éan, boscaí ialtóige agus tithe feithidí in áiteanna cuí

Déan carn lomán i gcúinne scoite - d'fhéadfadh é seo gráinneoga, bóiní Dé agus fiadhúlra eile a mhealladh

Is dóigh iontach é linn nó limistéar bogaigh a chruthú chun do ghairdín a dhéanamh níos fearr don dúlra

Ná lig do phlandaí a éalú ó do ghairdín. Ná ceannaigh speiceas ar dóigh dóibh leathadh níos faide ná do ghairdín féin

Foghlaim faoi shábháil síolta agus sábháil do shíolta féin chun iad a chur an bhliain dár gcionn

Ná pábháil dromchlaí uile do ghairdín, le do thoil. Tá dromchlaí tréscaoilteacha go maith faoi choinne uisce a ionsú agus cuidíonn siad le cosc a chur ar thuilte, chomh maith le bithéagsúlacht a chur chun cinn

Foghlaim faoi na seirbhísí ar fad a soláthraíonn an dúlra iad dúinn saor in aisce agus smaoinigh faoi réitigh nádúrbhunaithe d'iontógáil uisce dromchla

An bhfuil tú ag tabhairt cuairt ar pháirc chathrach nó limistéir fiadhúlra? Cuimhnigh 'Ná Fág Lorg i do Dhiaidh'

# CONCLÚID

Bíonn bithéagsúlacht ag athrú agus ag éabhlóidiú an t-am ar fad. Caithimid, na daoine a bhíonn ag maireachtáil, ag obair, ag reáchtáil gnó, ag glacadh páirt i bhforbairt Luimnigh nó a bhíonn ag tabhairt cuairt ar Luimneach an t-idirspleáchas a aithint idir plandaí, ainmnithe, miocrorgánaigh atá riachtanach d'éiceachórais shláintiúla, seirbhísí éiceachórais agus réitigh nádúrbhunaithe a chabhraíonn le himpleachtaí athrú aeráide a mhaolú.

Measann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh gur gné thábhachtach do shaol ginearálta agus d'fhorbairt ár gcathrach agus ár gcontae í an bhithéagsúlacht. Is é aidhm an phlean seo ná feasacht a ardú ar cad is féidir le gach duine aonarach a dhéanamh chun bithéagsúlacht a chaomhnú ina gceantar áitiúil. Leagtar amach sa phlean an dóigh a bhfuil sé mar aidhm ag an gComhairle bithéagsúlacht a chaomhnú, a fheabhsú agus a athbhunú, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus saoránaigh, chun leasa na nglúnta daoine agus an fhiadhúlra atá le teacht





# DEISEANNA CISTIÚCHÁIN AGUS NAISC ÚSÁIDEACHA

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach liostaí iomlána iad seo agus go bhféadfadh athrú teacht orthu.

**Deiseanna Cistiúcháin do ENR**

- Leathanach Baile Fhondúireacht Pobail Éireann - Fondúireacht Pobail Éireann
- Maoiniú Chiste Forbartha Uisce Pobail - Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (lawaters.ie)
- An Chomhairle Oidhreachta – www.heritagecouncil.ie
- An tSeirbhís Foraoiseachta - gov (www.gov.ie)
- Miondeontais SPNF ar son Tionscadail Taifeadta – www.NPWS.ie
- Deontas na mBailte Slachtmhara (Níor mhór duit cur isteach ar Bhailte Slachtmhara chun go ndéanfaí teagmháil dhíreach leat faoin deontas seo)

**Naisc Úsáideacha**
**Comhlachtaí Poiblí**

- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - https://www.limerick.ie/council
- Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil - https://lawaters.ie/
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide https://www.gov.ie/en/organisation/ department-of-the-environment-climate-and-communications/
- Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra - https://www.npws.ie/
- Oifig na nOibreacha Poiblí - https://www.gov.ie/en/organisation/office-of-public-works/

**Eagraíochtaí Cuí Eile**

- Plean Uile-Éireann um Pailneoirí - https://pollinators.ie/
- Bantracht na Tuaithe - https://www.ica.ie/
- Cumann Sábhála Síolta Éireann - https://irishseedsavers.ie/
- Cairde Éanlaith Éireann - https://birdwatchireland.ie/
- Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann https://iwt.ie/
- Caomhnú Ialtóg Éireann - https://www.batconservationireland.org/irish-bats
- Acres https://acresireland.ie/
- Gnó sa Phobal in Éirinn – https://bitc.ie/
- Hometree – https://www.hometree.ie/
- Cairde Éanlaith Éireann www.birdwatchireland.ie
- An Chomhairle Oidhreachta www.heritagecouncil.ie
- Cúinne an Ghiorria https://burrenbeo.com/thc/
- Féileacáin Éireann www.butterflyireland.com
- Snáthaidí Móra Éireann http://birdweb.net/dragonfly.html
- An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna www.iwdg.ie
- Iontaobhas na gCoillte Dúchasach www.nativewoodtrust.ie
- Iascach Intíre Éireann https://www.fisheriesireland.ie/

**Grúpaí na mBailte Slachtmhara agus Pleananna Gníomhaíochta Pobal Áitiúil um Bithéagsúlacht**

- https://actionforbiodiversity.ie/action-plans/
    - Plean Gníomhaíochta Chathair Chinn Lis um Bithéagsúlacht 2021-2025
    - Plean Gníomhaíochta Ghleann Bruacháin um Bithéagsúlacht 2021
    - Páirc Chromadh 2022-2026
    - Plean Gníomhaíochta Phobal Mhainistir na Féile um Bithéagsúlacht 2023-2027

# AGUISÍN 1

**Liosta Comhalta Fhóram Luimnigh um Bithéagsúlacht**

1. Acres
2. Craobh Luimnigh An Taisce
3. Forbairt Bhealach Abhra
4. Craobh Luimnigh Chairde Éanlaith Éireann
5. Cumann na nAibhneacha Chaisleán Uí Chonaill
6. Coillte
7. Iascach Intíre
8. Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
9. Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
10. Craobh Luimnigh Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
11. Luimneach 2030
12. Grúpa Ialtóg Luimnigh
13. Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
14. Iontaobhas Cathartha Luimnigh
15. Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
16. Cláraitheoir Plandaí Chontae Luimnigh
17. Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA) Luimnigh
18. Grúpa Bithéagsúlachta 30:30 Dheoisí Luimnigh
19. Cláir Uiscí na nÚdarás Áitiúil
20. Iontaobhas na Máighe
21. Coláiste Mhuire gan Smál
22. Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra
23. Oifig na nOibreacha Poiblí
24. Comhpháirtíocht PAUL
25. Ionadaí ó Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara
26. Teagasc
27. Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne
28. Ollscoil Luimnigh
29. Acmhainní Iarthar Luimnigh

# AGUISÍN 2

| **Eagraíochtaí an Fhoghrúpa Chomhairligh ar an bhFóram Luimnigh um Bithéagsúlacht** |
|---|
| Foireann na Deoise (30% de Thalamh na hEaglaise a ligean chun Nádúir faoi 2030) |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann |
| Cláir Uiscí na nÚdarás Áitiúil |
| Beirt Ionadaithe Tofa ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Ainmnithe ag Cathaoirleach na gcomhaltaí ar an gCoiste Beartais Straitéisigh um Ghníomhaíocht Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol |
| Oifigeach Bithéagsúlachta agus Eolaí Feidhmeannach Sinsearach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh |
| Ollscoil Luimnigh |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne |
| Acmhainní Iarthar Luimnigh |



# AGUISÍN 3

**Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta**

Ainm an tSuímh: LCS Choimpléasc Eanaigh Eas Géitine (002279)
Ainm an tSuímh: LCS An tSléibhe Riabhaigh (002036)
Ainm an tSuímh: LCS Bairrgeoin (000432)
Ainm an tSuímh: LCS na hAbhann Móire (Corcaigh/Port Láirge) (002170)
Ainm an tSuímh: LCS Chnoc Charraigín na mBróinte (002037)
Ainm an tSuímh: LCS Ghleann an Chláir (000930)
Ainm an tSuímh: LCS Choill na Cora (000174)
Ainm an tSuímh: LCS na nGaibhlte (000646)
Ainm an tSuímh: LCS Phortach an Ghleanna (001430)
Ainm an tSuímh: LCS Choill Ghleann Stáil (001432)
Ainm an tSuímh: LCS na Sionainne Íochtaraí (002165)
Ainm an tSuímh: LCS Chnoc Droma Asail (000439)

# AGUISÍN 4

**Limistéar faoi Chosaint Speisialta Luimnigh**

Ainm an tSuímh: LChoS Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais (004077)
Ainm an tSuímh: LChoS Shliabh Eibhlinne go Sliabh an Airgid (004165)
Ainm an tSuímh: LChoS Chnoc an Stacaigh go Mullach an Radhairc, Na Cnoic Luimnigh Iartharach agus Sliabh an Iolair (004161)

# AGUISÍN 5

**Limistéar Oidhreachta Nádúrtha**

Ainm an tSuímh: LON Phortaigh Charraig Chiarraí (002399)
Ainm an tSuímh: LON Eanach agus Phortach an Ghráigín (002186)
Ainm an tSuímh: LON Phortach Loch Ghé NHA (002454)
Ainm an tSuímh: LON Phortach Mhaigh Roighean (002361)

# AGUISÍN 6

**Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Molta Luimnigh**

Inbhear na Sionainne Laistigh - Cladach Theas
Coill na Cora
Eaglais Ardach, An Caisleán Nua (atá as úsáid)
Caisleán Uí Chonaill (Teaghais Chónaithe, Áitrithe)
Loch Goir
Na Gaibhlte
Gleann an Chláir
Lochanna an Droma Mhóir agus Loch an Tuairín
Portach An Ghleanna
Coill Ghleann Eas Dáire
Coill Ghleann Stáil
Portach an Droma Shalaigh
Gleannta Abhann Bhéal Átha Bó agus Ghort na gCaorach
Cnoc Sciúil
Inbhear an Fhorghais agus an tSionainn Laistigh, An Cladach Thuaidh
Coill Chloch an Otfaígh
An Sliabh Riabhach
Coill Bhaile an tSléibhe
Coill Bhaile na Cúirte
Coill Gharraí an Phúca
Eanach Bhaile Hiobaird
Turlach Comónta an Locha Mhóir
Coillearnach Áth Dara
Bairrgeoin
Cnoc Droma Asail
Coill Chnocán na bhFear
Cuan Thairbirt
Riasc Bhaile Mhuirsín
Riasc Bhaile an Bhiaraic
Eanach na Ceapaí
Goirtín na mBroc
Coill Heathfield
Oileán Sturamus
Portach Bhéal Átha an Bhóithrín
Riasc Chnoc an Lisín
Gleann Abhann Ghleann an Chorráin
Cnoc Charraigín na mBróinte
Cnoc Bhaile an Róigh & Cnoc Bhaile an Mhoirtéalaigh

# AGUISÍN 7

**Beartas**

Tá beartas riachtanach ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda chun creat a sholáthar d'oidhreacht nádúrtha Luimnigh

- **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2015-2030**
  **www.sdgs.un.org/goals**
  - Soláthraíonn Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac gach Ballstát na Náisiún Aontaithe leis in 2015, treoirphlean comhroinnte ar son síochána agus ratha do dhaoine agus don phláinéad, anois agus sa todhchaí. I gcroílár an Chláir Oibre tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), atá mar ghairm chun gnímh ó gach tír - forbartha agus i mbéal forbartha - i gcomhpháirtíocht dhomhanda.
- **Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras 2021-2030**
  **www.decadeonrestoration.org**
  - Cothaíonn éiceachórais gach beatha ar Domhan. Dá shláintiúla ár n-éiceachórais, is ea is sláintiúla an pláinéad - agus na daoine a chónaíonn air. Tá sé mar aidhm ag Deich mBliana na NA maidir le hAthbhunú Éiceachóras díghrádú ár n-éiceachórais ar gach ilchríoch agus i ngach aigéan a chosc, a stopadh agus a iompú ar ais. Cuideoidh sé le deireadh a chur le bochtaineacht, le dul i ngleic le hathrú aeráide agus le mórdhíothú a stopadh. Ní bheidh rath air mura bhfuil páirt ag gach duine ann.
- **Straitéis Bhithéagsúlachta an AE 2030 - An Dúlra Ar Ais inár Saolta**
  **www.environment.ec.europa.eu/**
  - Tá sé mar aidhm ag an straitéis bhithéagsúlachta chun bithéagsúlacht na hEorpa a chur ar bhealach a leasa faoi 2030 ar mhaithe le daoine, leis an aeráid agus leis an bpláinéad. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seasmhacht ár sochaithe a fhorbairt i gcoinne bagairtí sa todhchaí amhail
    - ❑ tionchair an athraithe aeráide
    - ❑ dóiteáin foraoise
    - ❑ éiginnteacht i dtaca le soláthar bia
    - ❑ ráigeanna galair - an fiadhúlra a chosaint agus troid in éadan trádáil neamhdhleathach fiadhúlra i measc na rudaí is féidir a dhéanamh chuige seo,
- **4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2024-2028**
  **www.npws.ie**
  - Leagann 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht (PGNEB) an clár oibre náisiúnta um bithéagsúlacht síos don tréimhse 2023-2030 agus tá sé mar aidhm aige na hathruithe claochlaitheacha a chur i bhfeidhm ar an meas atá againn don dúlra agus an dóigh a ndéanaimid cosaint air.
- **Plean Oiriúnaithe Earnála Bithéagsúlachta de chuid na hÉireann don Athrú Aeráide, 2019**
  **www.npws.ie**
  - Tá sé mar aidhm ag an bplean talmhaíocht agus iascaireacht inbhuanaithe a fheabhsú agus bainistíocht ithreach agus talún níos fearr a úsáid chomh maith le córais nádúrtha a athbhunú go práinneach. Cuireann sé béim ar an ngá atá le bithéagsúlacht a mheas mar uirlis oiriúnaithe d'earnálacha eile. Beidh an iliomad comhbhuntáistí breise ag infheistiú in athbhunú ár n-éiceachórais lena n-áirítear rialú uisce, íonú uisce agus ceapadh carbóin.

# AGUISÍN 7

- **Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028**
  **www.limerick.ie/council**
  - Tugann Plean Forbartha Luimnigh eolas faoi straitéis iomlán na comhairle ar son phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an chontae thar thréimhse 6 bliana. Is é Cuspóir Straitéiseach 8 an phlean ná limistéir oidhreachta nádúrtha, bonneagair ghlais agus spásanna oscailte a chosaint, a fheabhsú agus a nascadh, chun sochair do chaighdeán beatha, bithéagsúlacht, speicis agus gnáthóga cosanta, agus ag an am céanna an poitéinseal a bheith ann chun oiriúnú d'athrú aeráide agus bearta riosca tuilte a éascú. Pléann Caibidil 6 leis an gComhshaol, Oidhreacht, Tírdhreach agus Bonneagar Glas
- **Bille Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 agus Plean Gníomhaíochta Luimnigh ar son na hAeráide 2024 -2029**
  - Soláthraíonn an Bille Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 an bunús dlí chun pleananna ón Rialtas maidir le hathrú aeráide a fhaomhadh chun críche "tabhairt faoi aistriú go geilleagar aeráide atá neodrach agus athléimneach ó thaobh na haeráide de agus saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de faoi dheireadh na bliana 2050" (dá ngairtear an "cuspóir náisiúnta aeráide") **www.gov.ie**
  - Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Luimnigh 2024-2029 na príomhghníomhartha a thacóidh le Contae Luimnigh agus é ag aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. **www.limerick.ie/council**
- **An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta (SRSE) 2020-2032**
  **www.southernassembly.ie**
  - Is plean straitéiseach é seo a aithníonn buanna, deiseanna agus brúnna réigiúnacha agus soláthraíonn sé freagraí beartais cuí i bhfoirm Cuspóirí Beartais Réigiúnacha.
- **Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne 2013-2020**
  **www.limerick.ie/council**
  - Is plean talún agus muirí idirdhlínsiúil é an Creatphlean Comhtháite (CPC) chun forbairt agus bainistiú Inbhear na Sionainne sa todhchaí a threorú. Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Chontae an Chláir, Comhairle Chontae Chiarraí, Forbairt na Sionainne agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge é.
- **Beartas Crann do Luimneach, 2024**
  **www.limerick.ie/council**
  - Is iad na príomhchuspóirí ag an mBeartas Crann ná pobal crann níos sábháilte, agus níos sláintiúla a chinntiú; bithéagsúlacht a fheabhsú seasmhacht aeráide a fheabhsú; caighdeán tírdhreacha a chaomhnú agus a fheabhsú trí na gnéithe seo, caighdeán beatha cónaitheoirí i Luimneach agus cuairteoirí air a fheabhsú
- **Straitéis Bonneagair Ghoirm Ghlais Luimnigh don Limistéar Cathrach.**
  - Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Bonneagair Ghoirm Ghlais Luimnigh (BGGL) tuairisc bunaithe ar fhianaise a sholáthar ina leagtar amach sraith de mholtaí mionsonraithe chun úsáid talún, cuspóirí, beartais agus treoir dhearaidh a threorú ar réimse leathan ceisteanna a bhaineann le BGGL laistigh de Phlean Forbartha Luimnigh 2022-

# AGUISÍN 8

**Seo a leanas an Phríomhreachtaíocht a bhaineann le bithéagsúlacht in Éirinn:**

- **Treoir maidir le Gnáthóga an AE**
  **https://environment.ec.europa.eu/**
  - Is é an cuspóir foriomlán ná a chinntiú go bhfuil na cineálacha speiceas agus gnáthóg seo caomhnaithe, nó athbhunaithe, go stádas caomhantais fabhrach laistigh den AE. Tá sé mar aidhm ag an Treoir ligean do na speicis agus gnáthóga seo teacht ar ais chucu féin agus a bheith faoi bhláth le himeacht ama, chomh maith le stop a chur leo laghdú tuilleadh nó dul as radharc. Treoracha AE maidir le hÉin
- **Creat-Treoir Uisce ón AE**
  **https://environment.ec.europa.eu/**
  - Díríonn an Chreat-Treoir Uisce (CTU) ar shláinte mhaith cháilíochtúil agus chainníochtúil a chinntiú, i.e. ar thruailliú a laghdú agus deireadh a chur leis agus féachann sé le deimhniú go bhfuil go leor uisce chun fiadhúlra a chothú chomh maith le riachtanais daoine
- **An tAcht um Fhiadhúlra agus leasaithe a bhaineann leis**
  **www.gov.ie**
  - Is é seo an phríomhreachtaíocht náisiúnta a sholáthraíonn cosaint fiadhúlra agus a rialaíonn roinnt gníomhartha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don fhiadhúlra.
- **Orduithe um Flóra a Chosaint**
  **www.npws.ie**
  - Fágann an tOrdú um Flóra (Cosaint) go bhfuil sé neamhdhleathach chun speicis liostaithe a ghearradh, a stoitheadh nó damáiste a dhéanamh dóibh in aon bhealach. Tá sé neamhdhleathach athrú nó damáiste a dhéanamh nó cur isteach ar a ngnáthóga in aon bhealach. Tá feidhm ag an gcosaint seo cibé áit a bhfaightear na plandaí. Achtanna um Pleanáil agus Forbairt
- **Dlí an AE um Athbhunú Dúlra**
  **https://environment.ec.europa.eu/**
  - Cuireann an rialachán seo ceangal ar Bhallstáit an AE chun 20% de limistéir thalún agus mara a athbhunú ar a laghad roimh 2030 agus gach éiceachóras a bhfuil athbhunú de dhíth orthu roimh 2050. Cuireann an cuspóir molta le tiomantas agus oibleagáidí idirnáisiúnta AE agus a mBallstát mar pháirtithe de chuid an Choinbhinsiúin dhomhanda ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch.
- **Speicis Ionracha**
  **www.npws.ie**
  - Pléann croí-fhorálacha Rialachán 1143/2014 an AE le speiceas atá ar liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a thabhairt isteach go dtí an tAontas, iad a choinneáil, a phórú, a iompar nó a chur ar an margadh.

# TAGAIRTÍ

**Tagairt**


1. Birdlife International (2022)
2. Regional Red List of Irish Bees (2006)
3. Plant Atlas 2020 (foilsithe 2022)
4. Scéim Monatóireachta Féileacán na hÉireann, (2021)
5. Nairn, R. (2017) Plean Bainistíochta Inis Mac Neasáin, 2018-2022. Comhairle Contae Fhine Gall. Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
6. Caomhnú Ialtóg Éireann, 2010, Bats & Lighting Guidance Notes for: Planners, engineers, architects and developers (Nótaí Treorach maidir le hIaltóga agus Soilsiú le haghaidh: Pleanálaithe, innealtóirí, ailtirí agus forbróirí)


**Doiciméid**


- An 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht
- Comhairle Chontae Fhine Gall - Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht, 2023-2028
- Comhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin - Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht, 2021-2025
- Comhairle Contae Cheatharlach - Plean Gníomhaíochta Bhaile Cheatharlach um Bithéagsúlacht, 2021-2025
- Bristol Borough Council – Landscape Biodiversity Action Plan, 2020 – 2026
- Plean Oidhreachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, 2017-2030


**Gréasáin**

- Ionadaithe Tofa Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Fóram Bithéagsúlachta Luimnigh
- Cláir Náisiúnta agus Oifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle Oidhreachta
- Foireann i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

**Grianghraif - Glacadh gach grianghraf sa doiciméad seo i Luimneach mura sonraítear a mhalairt.**

| Leathanach | Ainm | Laidin | Gaeilge | Suíomh | Grianghrafadóir |
|---|---|---|---|---|---|
| **Clúdach** | Green Hairstreak Butterfly | Callophrys rubi | Stiallach Uaine | Loch Ghé | Geoff Hunt |
| **2** | Grianghraif d'Fhóram Bithéagsúlachta Luimnigh | | | Seomra Cruinnithe | Clara Panelles* |
| **5** | Otter | Lutra lutra | Madra Uisce | anaithnid | Eddie Dunne SPNF |
| **8** | Emperor Dragonfly | Anax imperator | Snáthaid mhór | Linn Snámha An Chorrbhaile | Geoff Hunt |
| **11** | Water Skaters | Gerridae lacustris | Scinnirí Locháin | anaithnid | Ruairí Ó Conchúir, CUÚÁ |
| **14** | Grianghraf grúpa den Cheardlann Snáthaidí Móra | - | - | An Chora | Keith Wiseman* |
| **15** | Red Clover | Trifolium pratense | Seamair dhearg | Bóthar Thiobraid Árann | Alan Place |
| **16** | Siskin | Spinus spinus | Siscín | Geata Thuamhain | Pat Murphy |
| **19** | Hen Harrier | Circus aeruginosus | Cromán na gCearc | Teorainn Luimnigh/Chorcaí | Barry O'Donoghue SPNF |
| **20** | An tSionainn | | | Luimneach | Derek Dowling |
| **21** | Robin Alder | Erithacus rubecula Alnus glutinosa | Spideog<br><br>Fearnóg | Bruacha na Sionainne, Luimneach | Derek Dowling |
| **22** | Lesser Horseshoe Bats** | Rhinolophus hipposideros | Crú-ialtóga beaga | An Clár | Susan Kerwin Bat Rehabilitation Ireland |
| **23** | Fox | Vulpes | Sionnach nó Madra Rua | Mainistir na Féile | Tony Kenneally |
| **24** | Seachtain na Bithéagsúlachta 2024, Siúlóid na bPailneoirí | | | An Chora | Kieran Ryan Benson* |
| **27** | Sea Lamprey | Petromyzon marinus Loimpre Mhara | | | Ruairí Ó Conchúir, CUÚÁ |
| **28** | Seachtain na Bithéagsúlachta, 2024, Oiliúint agus Gníomhartha Eolaithe Saoránaigh, Ag Dul i nGleic le Lus na Pléisce | | | Bruacha na Sionainne, Luimneach | Kieran Ryan Benson* |
| **32** | Long Eared Bat | Plecotus auritus | Ialtóg Fhad-Chluasach | Anaithnid | Bat Rehabilitation Ireland |
| **33** | Atlantic Salmon | Salmo salar | Bradán | An Mhaoilchearn | Ruairí Ó Conchúir, CUÚÁ |
| **35** | Turas Portaigh Bhaile na gCríostúnach Seachtain Náisiúnta na Bitheolaíochta 2024 | | | Portach Bhaile na gCríostúnach | Kieran Ryan Benson * |
| **42** | Imeacht Sheachtain na hOidhreachta Siúlóid i gCoillearnach Infinity | | | Caladh an Treoigh | Paul Corey* |
| **43** | Rannpháirtithe Bioblitz | | | Caladh an Treoigh | Diarmuid Greene* |
| **Clúdach Cúil** | Red Squirrel | Sciurus vulgaris | Iora rua | An Chora | Ruth Hannify |

Táimid buíoch de Geoff Hunt, Pat Murphy, Derek Dowling, Tony Kenneally, Susan Kerwin, Ruairí Ó Conchúir, Eddie Dunne agus Barry O Donoghue, as a gcuid grianghraf álainn a chur ar fáil do Dhréachtphlean Gníomhaíochta Luimnigh um Bithéagsúlacht 2025-2030

*Bhí conradh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis na grianghrafadóirí atá marcáilte le réiltín
**Grianghraf glactha faoi cheadúnas





Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE
LIMERICK
EUROPEAN EMBRACE



Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh buíoch as an tacaíocht a fuair sí ón gComhairle Oidhreachta.

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council